# 2026 Rannpháirtíocht Phoiblí: Uiscí Snámha a Shainaithint

**RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL CHUN 'UISCÍ SNÁMHA' A AITHINT DE BHUN AN TREOIR UM UISCÍ SNÁMHA 2006/7 CE DEN 15 FEABHRA 2006 AGUS NA RIALACHÁIN MAIDIR LE CÁILÍOCHT UISCE SNÁMHA IR 79 DE 2008**

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag tabhairt cuireadh don phobal páirt a ghlacadh in aithint Uiscí Snámha faoin Treoir um Uiscí Snámha agus na Rialacháin maidir le Cáilíocht Uisce Snámha 2008 (IR Uimh 79 de 2008).
Éilítear faoin Treoir go mbainfidh cáilíocht an uisce amach caighdeáin dhiana mhicribhitheolaíochta ag gach uisce snámha aitheanta d'fhonn sláinte na ndaoine a roghnaíonn snámh iontu a chosaint. Éilítear ar chomhairlí cathrach agus contae uiscí snámha a aithint ar bhonn bliantúil faoi Rialacháin 2008.

Tugann an próiseas comhairliúcháin deis don phobal:

- Tuairim a thabhairt maidir leis na huiscí snámha atá aitheanta faoi láthair féachaint le leanúint leis an rangú
- Tuairim a thabhairt maidir le huiscí snámha eile nach bhfuil aitheanta faoi láthair a bhféadfaí breithniú a dhéanamh orthu le haghaidh rangaithe.

Tugtar cuireadh do pháirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt.

Más rud é gur snámhaí rialta thú agus gur mhaith leat cabhrú leis an gComhairle áitiúil a chinneadh cé na láithreacha snámha ba cheart a rangú dá réir, d'fhéadfá cúnamh a thabhairt ach an méid seo a leanas a bhreithniú:

- Cén dóigh ar baineadh úsáid as an láthair shnámha go dtí seo;
- Cá mhéad duine a úsáideann an láthair;
- Cé na saoráidí atá ar fáil ag an láthair agus cé chomh hinrochtana agus atá an láthair;
- Aon saincheisteanna sábháilteachta.

Dá mba mhaith leat an trá/an abhainn, etc., is fearr leat a mholadh mar láthair nua uisce snámha nó dá mba mhaith leat trácht a dhéanamh ar láthair reatha, déan teagmháil le waterpollution@dublincity.ie nó Rialú traillithe Uisce, Urlár 3, 14 Sráid an Droichid Íochtarach, Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8, D08 XHF1.

**Is é an 25/09/2026 an dáta deiridh a ghlacfar le haighneachtaí chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.** Le haghaidh tuilleadh faisnéise, déan teagmháil le Identification of Bathing Waters Public Participation.

Is féidir féachaint ar thorthaí cháilíocht na n-uiscí snámha déanta orthu ag www.beaches.ie. Tá tuarascáil is déanaí an EPA ar Uiscí Snámha in Éirinn ar fail anseo www.epa.ie/publications.